C/2025/4210

20.8.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

I dtreo córas fuinnimh cothrom Eorpach

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/4210)

Rapóirtéir: **Zsolt KÜKEDI**

Comhrapóirtéir: **Philippe CHARRY**

Comhairleoirí	László SZABÓ (thar ceann an rapóirtéara) Véronique CHAPPELART (thar ceann an chomhrapóirtéara)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	23.1.2025
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	An Rannóg um Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a glactha sa rannóg	27.5.2025
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	19.6.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	597
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/ staonadh)	140/3/1

1. Conclúidí agus moltaí

Seo seasamh CESE:

1.1. tá sé á chur in iúl gur díol sásaimh dó dícheall an Choimisiúin Eorpaigh creat soláthair fuinnimh cobhsaí, inacmhainne agus inbhuanaithe a chruthú do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí;

1.2. measann sé gur inacmhainneacht fuinnimh, neodracht carbóin agus cinnteacht an tsoláthair fuinnimh is príomhchuspóirí do chóras fuinnimh cothromaithe;

1.3. molann sé go leanfaí ag oiriúnú mhargadh fuinnimh an Aontais chun an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 mar phríomhchuspóir, agus é á chur i bhfáth san am céanna gur cheart rialáil an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh a cheapadh chun tionchar na gcleachtas trádála amhantrach agus luaineacht ghearrthéarmach na bpraghsanna a íoslaghdú agus chun slándáil an tsoláthair, praghsanna cobhsaí intuartha agus éifeachtaí dáileacháin a áirithiú. Ba cheart an rochtain ar fhuinneamh inacmhainne a áirithiú do chách;

1.4. tugann sé dá aire go n-íocann muintir na hEorpa i bhfad níos mó as fuinneamh ná mar a íocann go leor réigiún eile, go háirithe san Áise agus sna Stáit Aontaithe. Sin dochar don iomaíochas. Tugann dá aire fós gur chuir praghsanna arda fuinnimh iallach ar chuideachtaí athlonnú a dhéanamh nó éirí as ar fad, go háirithe i réimse na monaraíochta. Is práinneach a chaithfear aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin chun an baol go gcaillfí tuilleadh post a sheachaint;

1.5. Cuireann sé i bhfios nár éirigh ach le cuid de na Ballstáit cloí leis na spriocdhátaí le hathchóiriú ar an margadh leictreachais a chur chun feidhme, rud a chuir moill ar na tairbhí a bhaineann le praghsáil intuartha agus taraifí dinimiciúla;

1.6. cuireann sé i bhfios go láidir gur gá an tsolúbthacht a leathnú trí réitigh stórála inacmhainne, teicneolaíochtaí nuálacha, rannpháirtithe nua sa mhargadh agus dreasachtaí. Is ríthábhachtach giniúint an bhunualaigh (fuinneamh núicléach nó gás) agus meascán éagsúil fuinnimh ghlain a choinneáil ar bun chun an soláthar agus an t-éileamh a chothromú; Leis an lándorchú a tharla le déanaí sa Spáinn agus sa Phortaingéil, meabhraítear don Eoraip go bhfuil géarghá le hinfheistíocht a dhéanamh i ngréasán fuinnimh nua-aimseartha a bhfuil scoth na n-idirnasc aige. Leis an ngréasán sin, ba cheart giniúint chúltaca láidir a áirithiú, lena n-áirítear córas foláirimh fíor-ama sofaisticiúil chun úsáid fuinnimh a laghdú, agus cibearshlándáil na heangaí a ráthú.

1.7. tugann chun suntais gur gá méadú ar na nithe seo a leanas: solúbthacht agus éifeachtúlacht, ról na freagartha don éileamh, tomhaltas cliste agus giniúint dhíláraithe fuinnimh in-athnuaite. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh feachtais feasachta, réitigh feabhsaithe éifeachtúlachta agus samhlacha gnó ann a thacóidh le comhthiomsú na dtomhaltóirí agus na dtáirgeoirí beaga;

1.8. tá sé ag iarraidh go ndéanfaí idirnaisc thrasteorann agus nuachóiriú níos tapúla ar bhonneagar chun an tAontas Fuinnimh a thabhairt chun críche agus chun sreabha inmheánacha fuinnimh a neartú;

1.9. tacaíonn sé leis an iarraidh ón gCoimisiún a mholann do na Ballstáit cánacha agus tobhaigh a laghdú go sealadach chun srian a chur le costais arda faoi mar a luaitear sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne. Cuireann CESE i bhfáth gur gá praghsanna fuinnimh na hEorpa a choinneáil iomaíoch ar fud an domhain, agus iomaíochas idirnáisiúnta gheilleagar na hEorpa á chaomhnú san am céanna;

1.10. Tá sé ag iarraidh go ndéanfaí scrúdú ar conas úsáid ní b'fhearr a bhaint as foinsí tearcshaothraithe (e.g. fuinneamh geoiteirmeach don leictreachas, bithghás don táirgeadh áitiúil), sin agus dlús a chur leis an nuálaíocht (éifeachtúlacht, digitiú, solúbthacht na heangaí, comhtháthú earnálach) trí infheistíochtaí spriocdhírithe agus ionstraimí dí-rioscaithe;

1.11. molann sé treochlár solúbtha daingean do na Ballstáit atá ag brath ar bhreoslaí iontaise, clár ina mbeadh comhar an Aontais agus comhar náisiúnta. Is díol sásaimh do CESE beartais fuinnimh a bheith ann a cheadaíonn rannpháirtíocht na saoránach, comhphleanáil, an glacadh sóisialta agus creat le haghaidh aistriú cóir;

1.12. Molann sé go ndéanfaí táirgeadh díláraithe fuinnimh in-athnuaite (pobail fuinnimh agus táirgeoirí is tomhaltóirí) níos inrochtana trí dheireadh a chur le bearnaí rialála agus dul i ngleic le coinbhleachtaí leasa.

1.13. Molann CnaR rannpháirtíocht struchtúrtha fhóinteach na hóige a leabú i ngach céim de cheapadh beartas fuinnimh trí shásraí amhail comhairlí óige, grúpaí comhairleacha agus Measúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hóige de mar chuid de mhórmheasúnuithe tionchair reachtacha i réimse an fhuinnimh.

1.14. Molann CnaR go bhforbrófaí Plean Gníomhaíochta Eorpach um Chobhsaíocht Dhíomuan, lena n-áireofaí measúnuithe tionchair ar an staid dhíomuan, caighdeáin éigeantacha maidir le freagairt dhinimiciúil minicíochta (táimhe shintéiseach), tástáil freagartha díomuan le haghaidh sócmhainní nua (mearstóráil), prótacal um lódsceitheadh minicíochtbhunaithe agus tuairisciú bliantúil táimhe córais ar fud an Aontais.

1.15. Is díol sásaimh do CESE gur fhógair an Coimisiún go rachfar i ngleic ar bhealach níos nithiúla le cumhachtú na saoránach san aistriú fuinnimh cóir agus i bPacáiste Fuinnimh na Saoránach a fógraíodh le deireanas agus cuireann sé in iúl go bhfuil sé sásta rannchuidiú le dearadh an phróisis sin.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Le córas fuinnimh cothrom Eorpach sa ghearrthéarma, comhtháthaítear foinsí in-athnuaite, iontaise agus núicléacha chun soláthar fuinnimh cobhsaí, inacmhainne agus inbhuanaithe a áirithiú, agus aistriú de réir a chéile i dtreo foinsí fuinnimh ghlain san fhadtéarma. Chuige sin, is gá cothromaíocht a bhaint amach idir táirgeadh uaineach agus táirgeadh leanúnach, foinsí inrialaithe agus foinsí dorialaithe, agus difríochtaí fuinnimh réigiúnacha.

2.2. Ní mór margadh fuinnimh na hEorpa a athchóiriú sa chaoi is go gcomhlíonfaidh sé cuspóir na haeráidneodrachta faoi 2050 ar a dhéanaí, mar aon leis na cuspóirí maidir le slándáil an tsoláthair, praghsanna cobhsaí agus inacmhainne agus an ceart chun fuinnimh a áirithiú.

2.3. Sainaithníonn CESE na trí phríomhsprioc seo a leanas chun córas fuinnimh cothrom Eorpach a bhaint amach: fuinneamh inacmhainne, neodracht carbóin agus cinnteacht an tsoláthair fuinnimh. Is iad na príomhchéimeanna chun an dá rud sin a bhaint amach an t-aistriú chuig fuinneamh glan, leictriú, naisc eangaí a fheabhsú, foinsí a éagsúlú, stóráil agus bainistiú a fheabhsú, geilleagar ciorclach agus éifeachtúlacht a chur chun cinn, feasacht ar an leordhóthanacht a chur chun cinn, beartais i réimsí beartais éagsúla a ailíniú agus infheistíocht a dhéanamh sa taighde agus sa nuálaíocht le haghaidh slándáil fuinnimh agus cothromas fuinnimh.

2.4. Neartaigh an tAontas an rialáil chun dlús a chur le húsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite agus chun éifeachtúlacht fuinnimh agus oibriú an Chórais Trádála Astaíochtaí (CTA) a fheabhsú. Féachann an tAontas Fuinnimh le margaí a thabhairt le chéile agus, ag an am céanna, an inbhuanaitheacht a áirithiú. Is é is aidhm don Chomhaontú Glas laghdú 55 % ar astaíochtaí a bhaint amach faoi 2030, laghdú 90 % a bhaint amach faoi 2040, agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Chuige sin, is gá athruithe móra a dhéanamh ar tháirgeadh fuinnimh agus ar dháileadh fuinnimh.

2.5. Is rud dúshlánach é cothromaíocht a aimsiú idir foinsí fuinnimh. Le foinsí fuinnimh in-athnuaite, laghdaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise ach bíonn siad éagobhsaí, agus tá foinsí níos solúbtha amhail hidreachumhacht agus gás dáilte go míchothrom. Cuireann stóráil theoranta agus luaineacht an mhargaidh leis an bhfadhb. Tá an tAontas ag dul i ngleic leis sin trí uasghráduithe a dhéanamh ar an eangach, trí réitigh stórála agus trí shásraí acmhainneachta.

2.6. Sa Chompás Iomaíochais, a foilsíodh in 2025, leag an Coimisiún Eorpach síos an sprioc atá aige cothromaíocht a bhaint amach idir an dícharbónú, ar thaobh amháin, agus an nuálaíocht eacnamaíoch agus an nuachóiriú tionsclaíoch, ar an taobh eile. Leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, tugtar baint amach na spriocanna aeráide agus iomaíochais le chéile faoi straitéis maidir le fás agus rathúnas. Is tacaíocht dó sin an Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne ina moltar billí fuinnimh a laghdú sa ghearrthéarma, ach tagann an Comhshocrú Cobhsaíochta salach ar an bplean sin toisc nach bhfágann sé aon deis ag na Ballstáit dlús a chur le hathchóirithe struchtúracha coigilte costais agus ár gcuid córas fuinnimh a neartú i gcoinne suaití praghsanna a bheidh ann amach anseo. Mar sin féin, tá neamhaird déanta sa phlean ar na príomhthosca is cúis le praghsanna arda fuinnimh – praghsanna arda allmhairiúcháin ar ghás nádúrtha, praghsanna arda lamháltais CTA I an Aontais agus ganntanais foinsí fuinnimh chun freastal ar an méadú ar an éileamh ar an leictriú.

2.7. Tacaíonn CESE leis an rún atá ag an gCoimisiún na straitéisí agus na pleananna gníomhaíochta a fógraíodh le déanaí a chur chun feidhme agus, leis an tuairim seo, déanann sé tuilleadh moltaí chun a áirithiú go mbeidh córas fuinnimh na hEorpa inacmhainne agus aeráidneodrach, agus acmhainneachtaí nár úsáideadh roimhe seo (e.g. fuinneamh geoiteirmeach agus bithfhuinneamh), sainghnéithe críochacha náisiúnta agus réigiúnacha, iomaíochas, slándáil, dícharbónú agus aistriú cóir in Aontas Fuinnimh flaithiúnta iarbhír á gcur san áireamh ag an am céanna.

3. **Barúlacha sonracha**

3.1. Tá laghdú tagtha ar chostais agus ar astaíochtaí a bhuí le foinsí fuinnimh in-athnuaite, rud a fhágann go bhfuil iomaíochas san earnáil grianfhuinnimh agus san earnáil fuinnimh gaoithe, ach bíonn luaineacht sa soláthar agus i bpraghsanna mar thoradh ar a spleáchas ar an aimsir. Bíonn plódú agus míchothromaíochtaí ann mar thoradh ar stóráil theoranta agus ar eangacha atá as dáta. Ní mór a bheith nuálaíoch chun an t-aistriú a chur i gcrích: le heangacha cliste, an comhtháthú earnálach, an intleacht shaorga agus an teicneolaíocht dhigiteach, cuirtear feabhas ar éifeachtúlacht, iontaofacht, agus solúbthacht, agus cuirtear borradh faoi phoist agus faoin tionsclaíocht ag an am céanna.

3.2. Bearta chun feabhas a chur ar chomhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite i gcóras fuinnimh na hEorpa agus chun feabhas a chur ar struchtúr mhargadh leictreachais an Aontais Eorpaigh, tháinig siad i bhfeidhm i lár 2024 ([1]), ach ní raibh na Ballstáit uile in ann iad a thrasuí sa dlí náisiúnta faoin sprioc-am a leagadh síos, mar atá, an 17 Eanáir 2025, rud a chuireann bac ar mhargadh leictreachais atá solúbtha agus inacmhainne a fhorbairt.

3.3. An neodracht theicneolaíoch, laistigh den chreat sonraithe, is rud ríthábhachtach é sin le haghaidh córas fuinnimh cothrom Eorpach toisc go n-áirithítear léi slándáil fuinnimh, costéifeachtúlacht, agus nuálaíocht, gan tús áite a thabhairt d'fhoinsí sonracha. Le meascán d'fhoinsí éagsúla fuinnimh, laghdaítear an spleáchas ar aon fhoinse aonair, agus spreagtar leis an iomaíocht dul chun cinn san éifeachtúlacht agus san inbhuanaitheacht. Ina theannta sin, fágann an méid sin go mbíonn solúbthacht ag na Ballstáit réitigh a roghnú a oireann dá n-acmhainní agus dá riachtanais agus iad ag dul in oiriúint do theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, amhail hidrigin nó ardteicneolaíochtaí stórála. Trí chur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de a ghlacadh, is féidir leis an Aontas córas fuinnimh atá athléimneach, costéifeachtach, agus slán i bhfad na haimsire a thógáil.

([1]) FéachRialachán (AE) 2024/1747 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (IO L, 2024/1747, 26.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1747/oj) agus Treoir (AE) 2024/1711 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (IO L, 2024/1711, 26.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1711/oj).

3.4. Tá athrú ag teacht ar chóras fuinnimh an Aontais mar gheall ar phobail fuinnimh agus rannpháirtíocht na dtomhaltóirí (agus na dtáirgeoirí is tomhaltóirí). Ba thábhachtach a thabhairt faoi deara go gcabhraíonn na pobail fuinnimh le cothromaíocht a bhaint amach idir soláthar agus éileamh, agus ní mór a ról i gcóras fuinnimh cothrom a mhéadú. Tá béim leagtha roimhe seo ag CESE ar an méid a chuireann samhail de dhaoine aonair nó d'eagraíochtaí ar 'táirgeoirí is tomhaltóirí' iad leis an aistriú fuinnimh ([2]), ar samhail í atá neamhthuilleamaíoch go páirteach agus ina ngintear cuid den fhuinneamh tríd an eangach, rud a laghdaíonn spleáchas ar an eangach agus a spreagann tomhaltas fuinnimh níos comhfhiosaí. Cuireann táirgeadh áitiúil in-athnuaite atá faoi úinéireacht an phobail neartú sa tslándáil, ba cheart dó na costais a laghdú agus ualach na heangaí a éascú tríd an éileamh áitiúil a shásamh, agus údaráis áitiúla agus fiontraithe óga a rannpháirtiú in oibriú córas fuinnimh díláraithe, solúbtha agus athléimneach ag an am céanna. Chuige sin, tá gá le dlúthchomhar idir oibreoirí córas dáileacháin agus pobail fuinnimh chun tacú le hinfheistíochtaí i bpobail fuinnimh atá ag teacht chun cinn agus chun acmhainneachtaí stórála áitiúla a chur in úsáid. Ní mór spreagadh na n-oibreoirí chun córas dáileacháin chun córais ghiniúna pobail den sórt sin a bhunú a chruthú ós minic a bhíonn leasanna agus dreasachtaí éagsúla acu san éiceachóras. Ina theannta sin, is cosúil go bhfuil drogall ar na Ballstáit, rud a fhágann freisin go bhfuil sé deacair pobail fuinnimh a bhunú. Is dúshlán fós iad an bhochtaineacht fuinnimh agus glacadh an phobail.

3.5. Tá athrú ag teacht ar chóras fuinnimh na hEorpa agus tá níos mó foinsí fuinnimh in-athnuaite ann, rud a fhágann go bhfuil gá le praghsáil agus cobhsaíocht níos fearr. Cé go bhfuil an grianfhuinneamh agus an fuinneamh gaoithe ag forbairt, tá ról fós ag foinsí fuinnimh cobhsaí amhail fuinneamh geoiteirmeach, hidreachumhacht agus gléasraí cumhachta núicléiche maidir le leictreachas bonnualaigh a chur ar fáil i roinnt Ballstát. Tagann an soláthar i dtosach ó na foinsí is saoire (amhail fuinneamh gaoithe agus grianfhuinneamh, a bhfuil costas imeallach beagnach nialasach acu), ach le linn buaicthréimhsí, beifear ag brath uaidh seo amach ar chúltacaí mearthosaithe solúbtha atá saor ó charbón a mhéid is féidir (e.g. bithghás, gás, hidrigin agus réitigh stórála), agus é á aithint san am céanna go gcuireann spleáchas méadaithe ar acmhainní comhardúcháin den sórt sin le costais an chórais.

3.6. Tá an margadh á athmhúnlú mar gheall ar an méadú ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, rud a laghdaíonn an ról atá ag giniúint/acmhainní fuinnimh atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise. San Eoraip, níl aon mhéadú ar an éileamh ar leictreachas le deich mbliana anuas, agus tá uaireanta oibriúcháin níos ísle agus costais mhéadaitheacha ag teacht salach ar ionaid ghinte thraidisiúnta, rud a fhágann go bhfuil go leor díobh imithe i léig. Tá sásraí acmhainneachta ann chun roinnt de na gléasraí sin a choinneáil mar chúltacaí ar mhaithe le cobhsaíocht na heangaí. Mar sin féin, is gearr go méadóidh an leictriú agus an digitiú an t-éileamh atá ar an leictreachas.

3.7. Is gnéithe ríthábhachtacha chun cobhsaíocht an chórais a áirithiú iad réitigh nua amhail stóráil fuinnimh, solúbthacht an éilimh, comhtháthú na n-earnálacha agus comhtháthú na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite i margaí cothromúcháin.

3.8. Léiríonn praghsanna arda fuinnimh go bhfuil gá le hinfheistíocht a dhéanamh sa chóras chun é a chobhsú. Nuair a thagann ardú tobann ar phraghsanna mar gheall ar infhaighteacht íseal foinsí fuinnimh in-athnuaite agus éileamh ard, cuirtear i dtábhacht an gá atá le solúbthacht.

Aithníonn CESE na príomhréimsí seo a leanas inar cheart infheistíocht a dhéanamh:

— déanann ceallraí, stóráil pumpála agus stóráil teasa (e.g. gaineamh nó uisce) cothromaíocht idir soláthar agus éileamh, cé go bhfuil infheistíochtaí móra ag teastáil ar a son sin. D'fhéadfaí farasbarr fuinnimh hidrigin ísealcharbóin agus fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh le stóráil freisin;

— Glúin na solúbthachta: le gléasraí bithgháis mhearthosaithe, gáis mhearthosaithe agus hidrigine mearthosaithe, tá cuidiú ann don chothromaíocht idir an soláthar nuair a bhíonn an táirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite ag luainiú;

— Táirgeoirí díláraithe: táirgeoirí fuinnimh in-athnuaite ar scála níos lú (e.g. páirceanna gréine) a úsáideann a dtáirgeacht chun riachtanais áitiúla a chomhlíonadh agus, ar an gcaoi sin, solúbthacht a sholáthar sa chóras;

— Freagairt don éileamh: a bhuí le teicneolaíocht chliste, bíonn gnólachtaí agus teaghlaigh in ann a n-úsáid fuinnimh a aistriú go huaireanta neamhbhuaice níos saoire;

— Idirnascadh: in aontas fuinnimh comhtháite, ní mór do na Ballstáit brath ar a chéile freisin chun a riachtanais fuinnimh a chomhlíonadh. Ba cheart tacú le trádáil trasteorann trí idirnascairí;

— Cinnteacht an tsoláthair: tá gá le córas fuinnimh níos solúbtha agus le níos mó acmhainneachta stórála le haghaidh soláthar leanúnach intuartha fuinnimh, rud is bunchoinníoll don chobhsaíocht eacnamaíoch agus shóisialta;

([2]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Féintomhaltas fuinnimh aonair agus comhchoiteann mar ghné sa chomhrac ar son an aistrithe ghlais agus an aistrithe fuinnimh, agus na cothromaíochta eacnamaíche agus sóisialta (tuairim féintionscnaimh) (IO C, C/2024/873, 6.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/873/oj).

— ba thábhachtach don Eoraip an spleáchas seachtrach ar theicneolaíocht a laghdú, slándáil an tsoláthair a fheabhsú, poist agus forbairt thionsclaíoch a chruthú trína hacmhainní táirgthe féin a mhéadú maidir le stóráil fuinnimh, stóráil teasa agus sócmhainní in-athnuaite;

— Éagsúlú agus saothrú na bhfoinsí nua fuinnimh: ba cheart don Aontas féachaint go gníomhach ar fhoinsí nua fuinnimh, go háirithe i réimsí straitéiseacha, agus ar an dul sin slándáil an chórais fuinnimh a neartú agus an spleáchas a laghdú maille le buntáistí geopholaitiúla i rith an ama sin.

3.9. Léirítear leis an suaitheadh a tharla le déanaí ar Leithinis na hIbéire go bhfuil méadú tar éis teacht ar leochaileacht eangach chumhachta na hEorpa. D'fhéadfadh ascaluithe tromchúiseacha minicíochta agus voltais a bheith mar thoradh ar na míchothromaíochtaí gearra ach criticiúla sin, arb iad athruithe tobanna amhail dínascadh gineadóirí móra nó línte cumhachta is cúis leo, rud a d'fhéadfadh teipeanna cascáideacha a spreagadh. Murab ionann agus san am a chuaigh thart, tá sciar níos airde d'fhoinsí in-athnuaite atá bunaithe ar inbhéartóirí (grian, gaoth) i gcórais chumhachta an lae inniu, foinsí nach soláthraíonn táimhe fhisiciúil go bunúsach. Méadaíonn sé sin soghabháltacht i leith dialltaí minicíochta tapa. Dá bhrí sin, teastaíonn an méid seo a leanas chun cobhsaíocht eangaí nua-aimseartha a áirithiú:

— Táimhe fhíorúil: Cumas éigeantach a bheith ag baint le gach glúin nua bunaithe ar inbhéartóirí chun freagairt go dinimiciúil d'athruithe minicíochta.

— Mearstóráil: Íoscheanglais chúlchiste ar fud an Aontais le haghaidh córas stórála fuinnimh a bhféadfadh freagairt a thabhairt faoi cheann milleasoicindí ar chur isteach.

— Prótacail fheabhsaithe maidir le lódsceitheadh: Creat comhoiriúnaithe AE chun lóid thionsclaíocha a dhícheangal go huathoibríoch agus de réir a chéile chun sláine fhoriomlán an chórais a chosaint.

— Comhordú AC/DC: Prótacail chomhordúcháin dhíomuan éigeantacha le haghaidh gach idirnascaire hibrideach AC/DC chun lúba aischothaithe díchobhsaitheacha a chosc.

— Ardán comhordúcháin fíor-ama: Faireachlann Eorpach um an Eangach Chumhachta a bhunú chun faireachan trasteorann níos fearr a dhéanamh agus chun freagairt éigeandála uathoibríoch a thabhairt.

4. **Cuspóirí atá le baint amach**

4.1. Tá sé d'aidhm ag an Aontas aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 faoin gComhaontú Glas, trí laghdú 55 % a dhéanamh ar astaíochtaí agus tríd an sprioc maidir le 32 % dá fhuinneamh a fháil ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach faoi 2030. Le beartais amhail an Scéim Trádála Astaíochtaí (CTA), cuirtear brú ar thionscail teicneolaíochtaí níos glaine a ghlacadh. Comhordaíonn an tAontas Fuinnimh iarrachtaí náisiúnta chun soláthar a áirithiú agus spriocanna aeráide a bhaint amach. Le cláir chistiúcháin amhail Fís Eorpach agus an Ciste um Aistriú Cóir, tugtar tacaíocht do na réigiúin agus na hearnálacha dá ndéantar difear

4.2. Tacaíonn an tAontas le naisc fuinnimh trasteorann trí thionscadail amhail GTE-F, lena dtugtar tús áite do phríomhbhonneagar, lena n-áirítear línte cumhachta ardvoltais, chun feabhas a chur ar na naisc idir na Ballstáit.

4.3. Baintear úsáid as foinsí éagsúla i gcóras fuinnimh cothrom:

— breoslaí iontaise mar réiteach sealadach, cé go bhfuil laghdú ag teacht ar an ról atá acu;

— cumhacht núicléach le haghaidh cumhacht chobhsaí ísealcharbóin;

— hidrigin in-athnuaite ísealcharbóin agus gás iontaise le gabháil agus stóráil carbóin (GSC) mar stáisiúin chumhachta is féidir a chur in úsáid go solúbtha;

— foinsí fuinnimh in-athnuaite le stóráil agus teicneolaíochtaí costéifeachtacha ar mhaithe le hiontaofacht.

4.4. Ba ríthábhachtach foinsí fuinnimh a éagsúlú ar mhaithe le slándáil an Aontais, laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí, agus dul i ngleic le héileamh atá ag méadú. I measc na bpríomhréimsí tá:

— fuinneamh gaoithe (ar tír/amach ón gcósta), a bhfuil borradh ag teacht faoi go háirithe sa Mhuir Thuaidh;

— grianfhuinneamh, atá ag fás go tapa san Ungáir, sa Spáinn, san Iodáil agus sa Ghearmáin;

— fuinneamh bithmhaise agus fuinneamh geoiteirmeach, a úsáidtear i réigiúin shonracha;

— hidreachumhacht, atá fós tábhachtach ach nach bhfuil mórán fáis ag teacht uirthi.

4.5. I measc na bpríomhréimsí infheistíochta tá:

— Bonneagar uasghrádaithe;

— Idirnaisc;

— Acmhainneachtaí eastósctha;

— Gach foinse fuinnimh ghlain, an hidrigin in-athnuaite ísealcharbóin san áireamh chun an tionscal agus an t-iompar a dhícharbónú agus gás iontaise le gabháil agus stóráil carbóin (GSC) mar stáisiúin chumhachta is féidir a chur in úsáid go solúbtha;

— An leictriú;

— eangacha cliste chun fuinneamh gaoithe agus grianfhuinneamh a chomhtháthú ar bhealach níos fearr agus roghanna solúbthachta a mhéadú.

Tá an fuinneamh iontaise agus an fuinneamh núicléach fós tábhachtach i roinnt mhaith tíortha agus fanfaidh siad a bheith tábhachtach sa ghearrthéarma: tá an ról atá ag an ngás tábhachtach ach tá ag éirí leis an Aontas a mhéid atá sé ag brath ar sholáthar gáis ón Rúis go háirithe a laghdú. Is foinse mhór fuinnimh ghlain é an fuinneamh núicléach do thíortha a roghnaíonn é a úsáid i gcomhair na todhchaí.

4.6. D'ainneoin na n-iarrachtaí sin, tá dúshláin fós ann, lena n-áirítear:

— Costais arda: bíonn infheistíocht mhór le déanamh sna hidirnaisc agus sa stóráil ceallraí. Tá rialacha diana comhshaoil agus sláinte ard ann cheana ar fud an domhain, agus is minic a chuireann siad moill ar phríomhthionscadail bhonneagair. Ba cheart don Choimisiún Eorpach sásra a mholadh ar mhaithe le cothromaíocht idir leas an phobail agus rialacháin;

— Rialáil: is casta sreafaí leictreachais trasteorann a chomhordú, rud a chruthaíonn dúshláin rialála agus mhargaidh;

— Spleáchas: is ó thríú tíortha a thagann trealamh grianfhuinnimh agus ceallraí den chuid is mó agus, dá bhrí sin, tá gá le fíorbheartas tionsclaíochta Eorpach chun ceannasacht fuinnimh na hEorpa a áirithiú;

— Formheas an phobail: táthar ag cur i gcoinne línte cumhachta nua go háitiúil, (nó línte nua ardvoltais), le teann imní faoi chúrsaí comhshaoil agus aeistéitiúla. Molann CESE réitigh chun tacaíocht áitiúil a mhéadú.

4.7. Ní mór riachtanais éagsúla na mBallstát, ó réigiúin thionsclaíoch go réigiúin bheagfhorbartha, a chur san áireamh i gcóras fuinnimh cothrom, lena n-áiritheofar aistriú cóir gan éagothromaíochtaí sóisialta a mhéadú. Idir an dá linn, níl an dara rogha ag roinnt Ballstát ach brath ar úsáid acmhainní iontaise i bhfad níos mó ná mar a bheadh inmhianaithe. D'ainneoin rún REPowerEU, tá cuid de na Ballstáit fós ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise, agus tá ról mór ag an ngás nádúrtha agus ag an ngual. Is spreagadh don Choimisiún atá i righneadas na gcásanna sin chun oibriú leis na tíortha sin agus cuidiú leo aistriú go fuinneamh níos glaine agus níos inacmhainne. Tá sé ríthábhachtach ganntanais fuinnimh a laghdú chun cothromas, inbhuanaitheacht agus an t-aistriú fuinnimh a bhaint amach. Tríd an méid sin a dhéanamh, tugtar aghaidh ar shaincheisteanna amhail rochtain mhíchothrom, costais arda agus éagothromaíochtaí réigiúnacha i bhfoinsí fuinnimh, go háirithe in Oirthear agus i nDeisceart na hEorpa.

4.8. I measc na n-iarrachtaí chun éagothromaíochtaí fuinnimh a laghdú tá:

— Rochtain ar fhuinneamh: bonneagar a uasghrádú i limistéir iargúlta agus bheagfhorbartha chun fuinneamh iontaofa inacmhainne a áirithiú;

— Bochtaineacht fuinnimh a laghdú: fóirdheontais agus cabhair chun cuidiú le teaghlaigh ar ioncam íseal le costais fuinnimh;

— Iarfheistiú fuinnimh: feabhas a chur ar éifeachtúlacht foirgneamh chun costais fhadtéarmacha a laghdú.

4.9. Is rud é an t-aistriú chuig foinsí fuinnimh in-athnuaite a d'fhéadfadh éagothromaíochtaí a dhoimhniú mura mbeadh rochtain chothrom ag cách ar theicneolaíochtaí nua. Áirithíonn an tAontas aistriú cothrom tríd an méid seo a leanas:

— An Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste don Nuachóiriú: tugtar tacaíocht do réigiúin atá spleách ar bhreoslaí iontaise trí thiontú an tionscail agus oiliúint oibrithe a chistiú;

— Tionscadail fuinnimh pobail: spreagtar tionscnaimh áitiúla fuinnimh in-athnuaite chun an spleáchas ar chuideachtaí móra fuinnimh a laghdú;

— Éifeachtúlacht fuinnimh: le hinfheistíochtaí i bhfoirgnimh éifeachtúla, iompar éifeachtúil agus tionscal éifeachtúil, laghdaítear úsáid fuinnimh agus cuirtear feabhas ar dhálaí maireachtála;

— Comhleanúnachas na mbeartas: beartais fuinnimh a ailíniú ar fud an Aontais chun praghsanna cothroma agus an rochtain chomhionann agus an neodracht theicneolaíoch a áirithiú;

— Oideachas agus feasacht: nósanna coigilte fuinnimh a chur chun cinn trí fheachtais a fhaigheann tacaíocht ón Aontas.

4.10. Cuireann CESE i dtábhacht go bhfuil gá le hinfheistíocht sa bhonneagar, tacaíocht shóisialta, cánachas tacaíochta, aistriú cóir agus beartais chomhordaithe chun éagothromaíochtaí fuinnimh a laghdú san Aontas. Ní mór aire a thabhairt do phobail leochaileacha agus do réigiúin faoi mhíbhuntáiste faoi scáth an aistrithe.

4.11. Cuireann CESE i dtábhacht an gá atá le hoibrithe oilte san earnáil fuinnimh de réir mar a aistríonn an tAontas i dtreo na hinbhuanaitheachta. I measc na bpríomhréimsí saineolais tá fuinneamh núicléach agus fuinneamh in-athnuaite (fuinneamh na gaoithe agus na gréine, aibhléis an uisce, agus fuinneamh geoiteirmeach) agus bainistiú eangaí cliste. Cuirtear i dtreis leis sin a thábhachtaí atá fostaíocht tharraingteach, le pá iomaíoch, deiseanna gairme agus dálaí oibre, chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus chun tacú le lucht saothair athléimneach fuinnimh. Tá CESE ag tathant ar na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh san oideachas, san uas-sciliú agus sa tsoghluaisteacht, chun fuinneamh in-athnuaite, an aeráid agus an inbhuanaitheacht a chomhtháthú i gcuraclaim agus chun tacú le fiontraithe óga agus le gnólachtaí nuathionscanta in earnáil an fhuinnimh ghlain.

4.12. Cé go bhfuil poist nua á gcruthú ag an aistriú fuinnimh, aithníonn CESE go bhfuil ceist na mbearnaí oiliúna ann fós, sin agus ceist na soghluaisteachta i measc an lucht saothair. Ní mór do na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh san oideachas agus san uas-sciliú chun tacú le córas fuinnimh inbhuanaithe.

4.13. Chomh maith le fóirdheontais spriocdhírithe agus an bonneagar a uasghrádú, tacaíonn CESE le méadú na gcomharchumann fuinnimh pobail, lena n-áiritheofar go mbeidh úinéireacht agus smacht ag saoránaigh, go háirithe daoine óga agus grúpaí leochaileacha, ar tháirgeadh áitiúil in-athnuaite.

5. **Teastaíonn tuilleadh gníomhaíochta uainn**

5.1. Aithníonn CESE go bhféadfadh sé go mbeadh gá le cothromú sealadach atá bunaithe ar ghás nádúrtha le linn an aistrithe go dtí go dtiocfaidh feabhas ar chórais stórála fuinnimh agus ar chórais atá dírithe ar éileamh. Cé nach réiteach fadtéarmach iad breoslaí iontaise, cuidíonn siad leis an gcóras a chobhsú i dtíortha atá spleách ar ghás go gearrthéarmach. Mar sin féin, ní mór teicneolaíochtaí níos glaine a fhorbairt ag an am céanna ionas nach mbainfear úsáid as gás ach go sealadach. Ba cheart gléasraí gáis nua a bheith réidh le haghaidh GCS nó inoiriúnaithe do hidrigin tar éis 2030.

5.2. Tá acmhainneacht nach beag ag fuinneamh geoiteirmeach lasmuigh den soláthar teasa. Leag CESE béim ar a thábhachtaí atá an acmhainneacht sin i dtuairim TEN/843 *Acmhainneacht an fhuinnimh gheoiteirmigh ar mhaithe leis an aistriú glas* ([3]), agus chuidigh Uachtaránacht na hUngáire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh le Dearbhú comhpháirteach a fháil chun dlús a chur lena leathnú. Tá ról lárnach ag fuinneamh geoiteirmeach in aistriú na hEorpa chuig córas áitiúil inbhuanaithe costéifeachtach. Mar chuid den Phacáiste maidir le Slándáil Fuinnimh Inbhuanaithe (2016), d'aithin an tAontas gur foinse chobhsaí bhonnualaigh é an fuinneamh geoiteirmeach lenar féidir cothromaíocht a bhaint amach idir foinsí fuinnimh in-athnuaite a bhíonn lá ann lá as, fuinneamh na gaoithe agus na gréine, cuir i gcás. Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún straitéis chuimsitheach um fhuinneamh geoiteirmeach a fhorbairt le haghaidh teasa agus cumhachta, rud a bheidh ina chuidiú leis an meascán fuinnimh a éagsúlú, allmhairí a laghdú, agus córais fuinnimh áitiúla a neartú.

5.3. D'fhéadfadh ról lárnach a bheith ag bithghás i ndícharbónú, i mbithgheilleagar agus in aistriú fuinnimh na hEorpa. D'fhéadfadh na Ballstáit suas le 40 billiún méadar ciúbach bithmheatáin a tháirgeadh faoi 2030, 101 billiún faoi 2040 agus 150 billiún faoi 2050 ([4]). Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún an tacaíocht do tháirgeadh bithgháis agus bithmheatáin a mhéadú.

5.4. Ba ríthábhachtach an eangach a nuachóiriú ar mhaithe le córas fuinnimh a bheidh solúbtha iontaofa. I dtuairim TEN/771 *Infheistíocht phoiblí sa bhonneagar fuinnimh mar chuid den réiteach ar shaincheisteanna aeráide* ([5]), d'iarr CESE go ndéanfaí infheistíocht phoiblí i mbonneagar na heangaí agus go n-aithneofaí an ról atá aige chun leas an phobail maidir le tacú le foinsí in-athnuaite fuinnimh. Ní hamháin gur cheart uasghráduithe a áireamh ansin, ach ba cheart réitigh eile a áireamh ann, an fhreagairt don éileamh (DSR) a chomhtháthú, cuir i gcás, chun buaicéileamh agus nacostais a laghdú.

([3]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An acmhainneacht a bhaineann leis an bhfuinneamh geoiteirmeach don aistriú glas (tuairim féintionscnaimh) (IO C, C/2025/111, 10.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/111/oj).

([4]) Bithgháis a dhíchódú 2025.

([5]) Tuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le hInfheistíocht phoiblí sa bhonneagar fuinnimh mar chuid den réiteach ar shaincheisteanna aeráide (tuairim féintionscnaimh) (IO C 486, 21.12.2022, lch. 67).

5.5. I dtuairim TEN/837 *Soláthar agus praghsáil an leictreachais san Aontas san am atá romhainn* ([6]), molann CESE go mbunófaí cruthaitheoir margaidh a fhaigheann tacaíocht ón rialtas (saoráid leictreonach) chun cuidiú le praghsanna leictreachais a chobhsú, an aeráidneodracht, cinnteacht an tsoláthair agus fuinneamh inacmhainne a áirithiú mar rogha do na Ballstáit.

5.6. Ina theannta sin, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar gach bonneagar eangaí nó gach tionscadal idirnascaire nua faoi chreat GTE-F ní hamháin maidir le héifeachtúlacht eacnamaíoch ach maidir lena chobhsaíocht dhíomuan agus a rannchuidiú táimhe freisin. Ar an gcaoi chéanna, leis an Treoir maidir le fuinneamh in-athnuaite, ba cheart cumas freagartha minicíochta dinimiciúla a shainordú i ngach aonad atá bunaithe ar inbhéartóirí chun tacú le cobhsaíocht an chórais faoi strus.

5.7. Bunaithe ar an suaitheadh a tharla le déanaí ar Leithinis na hIbéire, molann CESE don Choimisiún na nithe seo a leanas a mheas mar thograí rialála ar leibhéal an Aontais:

— Rialachán GTE-F a thabhairt cothrom le dáta chun measúnuithe tionchair stáit dhíomuan a éileamh le haghaidh gach tionscadal nua ar idirnaisc agus eangaí;

— an Treoir maidir le fuinneamh in-athnuaite a leasú chun cumas freagartha minicíochta dinimiciúla éigeantach a chur san áireamh i ngach glúin atá bunaithe ar inbhéartóirí;

— sainordú a thabhairt maidir le stóráil thapa a chomhtháthú i straitéisí cothromúcháin eangaí agus dlús a chur lena gcur chun feidhme;

— prótacal comhchuibhithe de chuid an Aontais maidir le lódsceitheadh a bhunú, ar prótacal é sin a bheadh bunaithe ar mhinicíocht agus ina mbeadh gealltanais thionsclaíocha maidir le hacmhainneacht ó thaobh an éilimh de;

— machnamh a dhéanamh ar na modhnuithe thuas a aistriú ina bPlean Gníomhaíochta Eorpach um Chobhsaíocht Dhíomuan, lena n-áirítear caighdeáin éigeantacha maidir le táimhe shintéiseach, tástáil freagartha díomuan le haghaidh sócmhainní nua, agus tuairisciú bliantúil táimhe córais ar fud an Aontais.

5.8. Ní mór an margadh fuinnimh a chur in oiriúint do na foinsí in-athnuaite fuinnimh ós foinsí iad féin atá ag dul i méid. D'fhéadfadh droch-chinntí infheistíochta a bheith mar thoradh ar luaineacht ard praghsanna san fhadtéarma. Sa Chomhaontú maidir le Tionscal Glan, moltar conarthaí fadtéarmacha a thabhairt i gceist, go háirithe Comhaontuithe Ceannaigh Cumhachta (PPAnna), chun praghsanna a chobhsú, rud a áiritheoidh cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Is rud na híocaíochtaí luacha saothair acmhainne agus na conarthaí dhá threo de ghrá na difríochta (féach TEN/837) a fhéadfaidh tacú le soláthraithe solúbthachta, ach is gá athchóiriú a dhéanamh orthu chun neamhéifeachtúlachtaí a sheachaint. Is den riachtanas scéimeanna tacaíochta agus an sásra praghsála a chomhchuibhiú ar bhealach ní b'fhearr.

An Bhruiséil, an 19 Meitheamh 2025.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([6]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Soláthar agus praghsáil an leictreachais san Aontas san am atá romhainn (tuairim féintionscnaimh) (IO C, C/2025/1187, 21.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1187/oj).